



101 Moladh d'imeachtaí



Seachtain Náisiúnta
na hOidhreachta

Clár den **Chomhairle Oidhreachta**

Beidh an tSeachtain Náisiúnta na hOidhreachta 2023 ar siúl ón 12ú -20ú Lúnasa. Is é téama na Seachtaine Oidhreachta 2023 “Oidhreacht Bheo”. Moltar duit imeachtaí nó tionscadail a chruthú a dhéanfaidh iniúchadh ar ár n-oidhreacht chultúrtha dholáimhsithe agus ar naisc leis an am atá caite trí nósanna, cleachtais agus traidisiúin.

Tá an tseachtain á comhordú ag an gComhairle Oidhreachta. Is í an tSeachtain Náisiúnta na hOidhreachta an t-imeacht cultúrtha is mó a bhfuil tóir air in Éirinn. Tá an tSeachtain Náisiúnta na hOidhreachta mar chuid de Laethanta Eorpacha na hOidhreachta a chuireann comhoidhreacht chultúrtha na hEorpa chun cinn.



Cé dó a bhfuil an leabhrán seo?

Tá an bailiúchán smaointe seo ann d'aon duine atá ag smaoineamh ar imeacht nó tionscadal a eagrú don tSeachtain Náisiúnta na hOidhreachta 2023. Is féidir leat a bheith i do dhuine aonair a bhfuil dúil aige i suíomh nó traidisiún oidhreachta, mar chuid de ghrúpa oidhreachta, grúpa abhcóideachta, cuallacht, cumann nó eagraíocht neamhbhrabúis. Glac inspioráid ó na smaointe seo agus cruthaigh d'imeacht féin!

Ar mhaith leat páirt a ghlacadh sa tSeachtain Náisiúnta na hOidhreachta 2023?

- 1 Glac moladh ón liosta seo nó déan d'imeacht nó do thionscadal uathúil féin a phleanáil.
- 2 Tabhair cuairt ar heritageweek.ie chun leideanna agus acmhainní cabhracha a fháil chun d'imeacht nó do thionscadal a phleanáil.
- 3 Cláraigh d'imeacht nó do thionscadal ar heritageweek.ie ón 2ú Bealtaine 2023.



Oidhreacht Bheo

1 Ranganna Rince Traidisiúnta Óstach

Ní gá gur damhsa Éireannach é seo ach d'fhéadfadh sé a bheith ina dhamhsa traidisiúnta ó chultúr ar bith.

2 Déan Traidisiúin Áitiúla a Thaifeadh

Déan iniúchadh ar na traidisiúin atá ann i do phobal áitiúil nó fiú i do theaghlach. Déan na traidisiúin sin a thaifeadh ar fhíseáin nó ar fhuaim agus cruthaigh tionscadal timpeall orthu.

3 Taispeántas Pobail ar Éagsúlacht

Dánlann nó taispeántas a bheith agat i halla nó i limistéar pobail áitiúil. Iarr ar leanaí an phobail teacht ar dhéantáin thraidisiúnta ón bpobal áitiúil nó ar ghrianghraif de thraidisiúin áitiúla atá ar siúl.

4 Taispeántais ar Thraidisiúin Áitiúla

D'fhéadfadh músaem taispeántas a óstáil, mar shampla taispeántas grianghraf de thraidisiúin áitiúla nó de nósanna agus earraí a bhaineann leis na traidisiúin sin.



5 Ceol Traidisiúnta

Léiriú ceoil thraidisiúnta a eagrú. Is féidir ceol Éireannach nó ceol traidisiúnta ó thíortha eile a bheith i gceist leis seo.

6 Margadh Traidisiúnta a óstáil

Bíodh lá margaidh i do cheantar agus táirgí a cruthaíodh go háitiúil trí úsáid a bhaint as scileanna traidisiúnta á dtaispeáint.



7 BÁCÁIL agus Cócaireacht Thraidisiúnta

Ceardlann nó taispeántas ar oidis thraidisiúnta a reáchtáil chun arán, cácaí etc a chócaráil nó a bhácáil.

8 Díolachán cácaí

Bíodh díolachán cácaí áitiúil agat bunaithe ar oidis thraidisiúnta teaghlaigh le haghaidh sólaistí blasta!

9 Scileanna Feirmeoireachta Traidisiúnta

Imeacht a reáchtáil ar scileanna traidisiúnta feirmeoireachta ar nós treabhadh le capaill, tocháilt a dhéanamh nó cleachtais eile.



10 Damhsa ag an gcrosbhóthar

An traidisiún damhsa ag an gcrosbhóthar a athbheochan le haghaidh imeacht oíche fíor-speisialta!



11 Traidisiúin Teaghlaigh a fhiosrú

Cad iad na traidisiúin teaghlaigh atá agat? Déan taifead ar agallamh físe leis na glúnta éagsúla i do theaghlach agus foghlaim faoi na cleachtais atá mar chuid de do theaghlach.

12 Taispeántas Fíorúil a Chruthú

Cruthaigh taispeántas fíorúil de ghrianghraif, scéalta, nósanna nó traidisiúin agus uaslódáil é mar thionscadal.

13 Ár Stair i Deich Rud

Iarr ar do phobal rudaí atá tábhachtach dá dteaghlach ó thaobh na staire de a chur isteach. Déan oíche a óstáil ina roinneann gach duine scéal a ruda.



Oidhreacht Thógtha

20 Ceiliúradh ar Scileanna Traidisiúnta

Ceardlanna a eagrú ina múintear scileanna traidisiúnta inbhuanaithe ar nós adhmaadóireacht, plástráil aoil, ballarach láibe nó saoirseacht cloiche. Is féidir béim a leagan sna ceardlanna seo ar an tábhacht a bhaineann le heolas cultúrtha a chaomhnú agus cleachtais atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a chur chun cinn ag an am céanna.

21 Taispeántas ar Bhallarach Cloiche tirime

Tabhair cuireadh do shaineolaí áitiúil a scileanna ballaraigh cloiche tirime a roinnt agus deis a thabhairt d’aon duine iarracht a dhéanamh.



22 Oidhreacht Dhílleachtach

An bhfuil suíomhanna tréigthe nó foirgnimh dearmadta i do cheantar? Taighde a dhéanamh ar na suíomhanna seo agus iad a iniúchadh. Imeacht a óstáil agus an méid atá aimsithe agat a roinnt.

23 Oidhreacht dhigiteach a iniúchadh

Le blianta beaga anuas, tá móracmhainní oidhreachta curtha ar líne, mar sin anois níl ach cúpla clic idir tú féin agus mapáil stairiúil, séadchomharthaí, grianghraif ón aer, suirbhéanna ar shéadchomharthaí agus foirgnimh. Féach cad is féidir leat a aimsiú do do cheantar áitiúil agus forbairt a dhéanamh air mar thionscadal.

24 Tóraíocht taisce na bhféiníní a eagrú

Ullmhaigh liosta grianghraf nach mór do rannpháirtithe a ghlacadh laistigh de theorainn ama áirithe de shéadchomharthaí nó d'fhoirgnimh ó thréimhsí ama éagsúla, e.g., foirgneamh Seoirseach, dealbh áitiúil etc.




25 Comórtas Lego

Eagraigh comórtas tógála Lego bunaithe ar na foirgnimh stairiúla i do cheantar áitiúil.

26 Déan iniúchadh ar Láithreán Seandálaíochta

Tá ár dtírdhreacha lán de shéadchomharthaí ón réamhstair, ó na meánaoiseanna agus ó rudaí a tharla le fiordhéanaí. Trí thuras a dhéanamh le treoraí nó seandálaí, is féidir beocht a chur i suíomhanna mar seo.



27 Tabhair cuairt ar Thionscadal Caomhnaithe nó ar Thochailt Seandálaíochta

Is minic a bhíonn laethanta oscailte ag tionscadail chaomhnaithe chun a léiriú conas atá oibreacha ag dul chun cinn, agus bíonn laethanta agus turais oscailte ag tochailtí seandálaíochta freisin. Uaireanta bíonn deiseanna ar fáil freisin chun obair a dhéanamh ar thochailtí!

28 Déan Séadchomhartha a uchtú

Féach ar chlár na Comhairle Oidhreachta maidir le Séadchomhartha a uchtú agus ar na sraitheanna uirlisí a chuirtear ar fáil agus déan do mhachnamh ar shéadchomhartha a uchtú!

29 Taifeadadh Reiligiú

Tá reiligiú na hÉireann lán le hoidhreacht. Tá réimse eolais ar leaca uaighe faoi phobail a bhí ann roimhe seo agus faoin saol a bhí ann roimhe seo. Ainmneacha leac uaighe i do cheantar féin a iniúchadh agus a thaifeadadh.



Oidhreacht Nádúrtha

30 Tóraíocht Duilleog

Imeacht a óstáil chun an oiread duilleog agus is féidir a bhailiú agus a aithint.

31 Rang 'Ealaín san Fhiántas'

Tabhair cuireadh d'ealaíontóir rang ealaíne a dhéanamh san fhiántas, agus Plean B a bheith agat chun bogadh isteach má théann an aimsir in olcas.

32 Safari Fiadhúlra a réachtáil

Siúlóid a threorú trí cheantar bithéagsúil áitiúil, ag baint úsáid as eolas áitiúil chun an bealach is fearr a aimsiú. Déan iarracht daoine a spreagadh trí aird a tharraingt ar na rudaí suimiúla atá gar don bhaile.



33 Scannán Fiadhúlra Clasaiceach a óstáil

Tá réimse de chlasaicí ar fáil anois: My Octopus Teacher; Tarka the Otter; Ken etc. Má tá rogha amuigh faoin aer ar fáil, ní dhéanfaidh sé sin ach an taithí a fheabhsú!

34 Dul ag snámh i lochán carraige

Roghnaigh suíomh sábháilte. Cabhróidh an tlonad Náisiúnta um Shonraí Bithéagsúlachta leat suíomh oiriúnach a aimsiú ag exploreyourshore.ie

35 Siúcrú & rópáil fíona le haghaidh leamhan

Imeacht tráthnóna a óstáil, áit ar chóir gach leamhan a chur i bpotaí oiriúnacha agus a scaoileadh nuair a dhéantar iad a bhreithniú: <https://bit.ly/mothsobsevation>

36 Scéalaíocht i gCoill

Níl a shárú ann dár mionaoisigh ar scéal clasaiceach an Gruffalo a chloisteáil agus iad a bheith i ngnáthóg an Gruffalo féin!



37 Dul ag lapadaíl i linn

Bíodh na buataisí réidh agat! Is féidir é seo a bheith ina imeacht míshlachtmhar agus spráíúil do leanaí — is fearr roinnt feithidí a bheith réidh le haghaidh cigireachta!

38 BioBlitz a reáchtáil

Go traidisiúnta, déantar iarracht an oiread plandaí agus ainmhithe ó cheantar a thaifeadadh thar thréimhse 24 uair an chloig (ní gá, áfach). Ba cheart gach taifead a logáil leis an Lárionad Náisiúnta um Shonraí Bithéagsúlachta más féidir.

39 BioBingo

Cuir leanbh amach chun liosta d'earraí nádúrtha a fháil. Déan fótachóipeáil de bhileog allamuigh le liosta d'earraí dúlra atá le bailiú ar nós cleití, bláth, caor phéine agus tuilleadh lena chois.



Oidhreacht Chultúrtha

40 Taispeántas Faiseanta a óstáil

Cad é an gúna áitiúil a bhaineann le do cheantar? Cén gúna traidisiúnta atá ann i do phobal? Tabhair cuireadh do dhaoine eile a gúna traidisiúnta a thaispeáint.

41 Ceardlanna potaireachta a eagrú

Ag obair le marla, d'fhéadfadh cuairteoirí foghlaim faoi chleachtais thraidisiúnta ó ealaíontóirí áitiúla a bhfuil taithí acu.



42 Taispeántas Ceardaíochta

Traidisiúnta a eagrú
D'fhéadfadh sé go n-áireofaí sa taispeántas uirlisí éagsúla a úsáidtear chun na ceirdeanna a chleachtadh.

43 Leabharlann Bheo a oscailt

Tabhair cuireadh do dhaoine i do cheantar áitiúil a gcuid eolais agus taithí ar chleachtais thraidisiúnta a roinnt ag imeacht speisialta, d'fhonn cuimsiú sóisialta a chur chun cinn agus taiscéalaíocht idirghlúine a chothú.

44 Comhrá Oidhreachta i gCaifé

Tabhair cuireadh don phobal áitiúil cupán tae a ól agus comhrá a dhéanamh ag táblaí caifé faoin tábhacht a bhaineann leis an oidhreacht dóibh. Tuairimí agus smaointe a thaifeadh ag baint úsáid as nótaí greamaitheacha nó cuireadh a thabhairt do dhaoine príomhfhocail a chur le bord bán nó páipéar póstaer.



45 Podchraoladh a thaifeadh

Cruthaigh podchraoladh ina ndéantar iniúchadh ar ghnéithe den oidhreacht áitiúil le hagallaimh ó dhaoine ag insint scéalta óna gceantar féin.



46 Imeacht Babhtála Scileanna

Déan imeacht babhtála scileanna a óstáil ina roinneann daoine a gcuid scileanna lena chéile. Ó dhéanamh lása go snoíodóireacht adhmaid go taighde ar chraobh ghinealaigh, is féidir linn go léir foghlaim óna chéile!

47 Turas a thabhairt ar Shean-Ionaid Shóisialt

Turas treoraithe ar shean-amharclann nó ar bhálseomra a eagrú le daoine a bhíodh ag obair nó ag sóisialú ann. Taighde a dhéanamh ar na himeachtaí a bhí ar siúl ann.

48 Caint faoi Bhéaloides a eagrú

Déan taighde agus iniúchadh ar scéalta béaloidis do cheantair agus tabhair cuireadh do dhaoine eile iad a roinnt trí imeacht pobail.

49 Bailiúcháin Neamhghnácha

Déan taispeántas a léiriú agus tabhair cuireadh do dhaoine áitiúla a mbailiúcháin neamhghnácha a roinnt, bailiúcháin ina mbeadh rud ar bith ó bhábóg agus mataí beorach go cártaí glaonna!



Inbhuanaitheacht & Athrú Aeráide

50 Turais Oidhreachta Inbhuanaithe

Socraigh turais teoraithe a dhíríonn ar shuíomhanna stairiúla áitiúla agus ar thírdhreacha nádúrtha. Is féidir leis na turais seo aird a tharraingt ar chleachtais inbhuanaithe agus ar fhlóra agus fána áitiúil, agus plé á dhéanamh ag an am céanna ar éifeachtaí an athraithe aeráide ar na suíomhanna oidhreachta seo.

51 Cócaireacht Thraidisiúnta agus Inbhuanaitheacht

Féile bia a eagrú ina léirítear cócaireacht thraidisiúnta áitiúil atá déanta as comhábhair a fhoinsítear go hinbhuanaithe. Is féidir le ceardlanna agus taispeántais aird a tharraingt ar an tábhacht a bhaineann le cleachtais bhia inbhuanaithe chun an oidhreacht chultúrtha a chaomhnú agus chun an t-athrú aeráide a chomhrac.



52 Ceardlanna Uaschúrsála agus Deisiúcháin

Ceardlanna a eagrú inar féidir le rannpháirtithe foghlaim conas earraí a uaschúrsála nó a dheisiú, amhail éadaí, troscán nó leictreonaic. Cuireann sé sin geilleagar ciorclach chun cinn agus cabhraíonn sé leis an gcomhshaol a chaomhnú trí dhramhaíl a laghdú.



53 Margadh Oidhreacht a atá neamhdhíobhálach don chomhshaol

Déan margadh a óstáil a léiríonn ceardaíocht, táirgeadh agus seirbhísí áitiúla a thugann tús áite do chleachtais inbhuanaitheachta atá neamhdhíobhálach don chomhshaol. Spreagann sé sin tacaíocht do ghnólachtaí a bhfuil meas acu ar an gcomhshaol agus a chabhraíonn leis an oidhreacht áitiúil a chaomhnú.

54 Taispeáintí clár faisnéise

Déan taispeáintí clár faisnéise a óstáil a dhíríonn ar an athrú aeráide, ar inbhuanaitheacht, agus ar an tionchar ar an oidhreacht chultúrtha agus nádúrtha. Lean na taispeáintí le seisiúin ceisteanna agus freagraí le saineolaithe áitiúla nó leis na scannánóirí iad féin.

55 Lá Cuir Crainn a eagrú

Cuir crainn i do phobal agus déan lá cuir crainn a óstáil chun go mbeidh an pobal ar fad rannpháirteach.

56 Imeacht Coinneála Dialainne Dúlra a óstáil

Bealach simplí, cruthaitheach agus inbhreathnaitheach chun foghlaim faoinár dtimpeallacht is ea dialann faoin dúlra a choinneáil. Imeacht a óstáil do dhuine ar bith chun an cleachtas seo a fhoghlaim.

57 Conas Fuinneamh a Shábháil a iniúchadh


Cuireadh a thabhairt do shaineolaí labhairt ar na bealaí inar féidir le daoine aonair agus le teaghlaigh fuinneamh a shábháil agus tairbhe a bhaint as an gcomhshaol.

58 Dúshlán maidir le hÁbhar Athchúrsáilte a eagrú

Bailigh ábhair a úsáideadh roimhe seo agus tabhair dúshlán do rannpháirtithe rud éigin nua a dhéanamh as na hábhair.

59 Dul i gcomhairle le Seicliosta Inbhuanaitheachta na Seachtaine Oidhreacht Náisiúnta

Caith súil ar threoir agus ar sheicliosta Inbhuanaitheachta na Seachtaine Náisiúnta Oidhreacht chun d'imeacht a dhéanamh níos inbhuanaithe. Féach ar an treoir ag heritageweek.ie/get-involved/resources/developing-a-project





Féach thart ar do cheantar

60 Na hainmneacha páirce a thaifeadh

Féach thart ar do cheantar áitiúil agus déan ainmneacha páirce i do bhaile fearainn nó i do pharóiste a thaifeadh.

61 Tionscail Áitiúla

Cad iad na tionscail áitiúla cáiliúla a bhí i do cheantar? An bhfuil foirgnimh nó stair ann ar féidir leat iad a iniúchadh?




62 Taispeántas Aghaidheanna Siopa

Iarr ar shiopaí áitiúla stair a ngnó a iniúchadh le taispeántas fuinneogí dá stair.

63 Múrphictiúr poiblí

Tabhairt cuireadh don phobal chun múrphictiúr poiblí a phéinteáil bunaithe ar scéal do shráidbhaile nó do bhaile.



64 Oíche Spéartha dorcha

Pleanáil oíche spéartha dorcha i do sráidbhaile nó baile. Spreag gach duine chun a gcuid soilse a mhúchadh agus dul amach ag breathnú ar na réalta.

65 Logainmneacha Áitiúla

Déan imeacht a óstáil ina ndéantar iniúchadh ar ainmneacha bailte fearainn áitiúla. Tabhair cuairt ar logainm.ie chun tús a chur le do chuid taighde.

66 Cosán oidhreachta a chruthú

Cruthaigh cosán oidhreachta timpeall do cheantair. Priontáil léarscáileanna do mhuintir na háite agus do chuartheoirí chun iniúchadh a dhéanamh orthu.

67 Innealra seanré

Déan lá a óstáil ina mbeidh taispeántais d'innealra seanré ann. Tabhair cuireadh d'úinéirí teacht agus an bealach a n-úsáidtear na meaisíní seo a roinnt.

68 'Scéalta Rúnda de...'

Dírith ar fhíricí nach bhfuil mórán daoine ar an eolas fúthu agus scéalta dearmadta faoi do cheantar, déan imeacht a eagrú chun na scéalta a nochtadh.

69 Conairí Dearmadta

Ag baint úsáid as léarscáileanna stairiúla, déan imeacht a óstáil chun bealaí atá ligthe i ndearmad nó as úsáid i do cheantar a iniúchadh.



Cuimsitheacht & Pobal

70 Tionscnaimh Gairdíní Pobail

Déan imeacht gairdín pobail a eagrú inar féidir le rannpháirtithe foghlaim faoi phlandaí dúchasacha, faoi chleachtais garraíodóireachta inbhuanaithe, agus faoi thábhacht na bithéagsúlachta áitiúla. Mar chuid de sin freisin, d'fhéadfaí crainn dhúchasacha a chur nó gnáthóga atá neamhdhíobhálach do phailneoirí a chruthú freisin.

71 Lá Spóirt Traidisiúnta a phleanáil

Cén fáth nach n-úsáideann tú do pháirc CLG áitiúil chun bunghnéithe na peile agus na hiománaíochta a thaispeáint do dhaoine nua in Éirinn? Iarr orthu a gcuid cluichí traidisiúnta a mhúineadh duit.



72 Déan Imeacht a óstáil i dTeach Scoir

Tabhair an tSeachtain Oidhreachta chuig na daoine sin nach féidir leo freastal uirthi Scéalalá ar an sean-nós a óstáil i dteach altranais nó cuireadh a thabhairt do chónaitheoirí i dteach altranais scéalta nó cuimhní cinn a roinnt in imeacht.



73 Rang cócaireachta traidisiúnta

Tabhair cuireadh do bhaill de do phobal ó chúlraí éagsúla chun teacht agus léiriú a thabhairt ar mhias traidisiúnta ina gcultúr agus ar an mbealach a n-ullmhaíonn siad é!

74 Caifé Cuimhne

Déan ócáid a óstáil i spás sóisialta áitiúil agus tabhairt cuireadh do bhaill den phobal grianghraf a thabhairt isteach agus scéal an ghrianghraif sin a roinnt.



75 Rince Tíre a fhoghlaim

Iarr ar bhall den phobal ó chúlraí éagsúla teacht le chéile agus léiriú a thabhairt ar chineál ar leith rince tíre.

76 Malartú Teanga

Déan imeacht malartaithe teanga a óstáil inar féidir le daoine roinnt frásaí coitianta óna dteanga dhúchais a roinnt!



77 Píosa Mór Teicstíle a chruthú

Féach ar stair na dteicstílí agus an táirgthe teicstíle i do cheantar áitiúil. An bhféadfá nascadh le healaíontóirí agus le grúpaí chun múrphictiúr nó taipéis nó píosa eile ar scála mór a chruthú chun scéalta do ghrúpa a insint?

78 Cartlannú Digiteach

An bhfuil cartlann mhór pháipéir ag do phobal nó ag do ghrúpa? Cruthaigh tionscadal ina ndéantar iniúchadh ar conas is féidir leat an t-ábhar seo a chartlannú.

79 An áit a siúlaimid

Féach ar na hainmneacha sráide i do cheantar. Cá bhfuair siad an t-ainm? Cad iad na himeachtaí a chomórann siad? Cruthaigh tionscadal nó imeacht bunaithe ar do chuid fionnachtana.



Lá na bPáistí Fiáine

80 Tóraíocht bailitheora comhshaoil

Déan tóraíocht bailitheora a eagrú le leideanna agus dúshláin a mhúineann rannpháirtithe faoi fhlóra, fána agus éiceachórais áitiúla, chomh maith le cleachtais inbhuanaithe agus gníomhaíochtaí atá neamhdhíobhálach don aeráid.

81 Ceardlann uaschúrsála

Déan ceardlann phraiticiúil a óstáil inar féidir le páistí ealaín nó míreanna úsáideacha a chruthú as ábhair athchúrsáilte, amhail buidéal phlaisteacha, seanéadaí, nó nuachtáin.



82 Scéalaíocht bunaithe ar an dúlra

Tabhairt cuireadh do scéalaithe áitiúla nó oideoirí comhshaoil chun scéalta a roinnt le béim ar an dúlra, ar chaomhnú agus ar ghníomhú ar son na haeráide

83 Comórtas fheisteas na sárlaochra

Déan rannpháirtithe a spreagadh chun feistis déanta as ábhair inbhuanaithe a chruthú agus a chaitheamh, ar léiriú iad ar na sárlaochra is fearr leo maidir le gníomhú ar son na haeraíde.

84 Turas rothair

Eagraigh turas rothair timpeall an phobail chun iompar inbhuanaithe a chur chun cinn agus chun na buntáistí a bhaineann le rothaíocht don chomhshaol a mhúineadh do rannpháirtithe.

85 Siológ a chur

Siológa a chur ar fáil do leanaí agus iad a mhúineadh conas iad a chur agus aire a thabhairt dóibh, ag cur béim ar an tábhacht a bhaineann le hathfhoraoisiú agus ceapadh carbóin.



86 Siúlóid Fionnachtana i bhFiadhúlra

Siúlóid treoraithe a eagrú le héiceolaí áitiúil chun speicis agus gnáthóga dúchasacha an cheantair a fhiosrú, ag plé thionchar an athraithe aeráide ar éiceachórais áitiúla.

87 Fiach ar fheithidí beaga

Bíodh gloiní formhádúcháin agus bileoga aitheantais agat le haghaidh fiach ar na feithidí beaga

88 Turas fiadhúlra uirbeach

Déan iniúchadh ar na créatúir a bhfuil cónaí orthu inár dtimpeallacht uirbeach agus ar an mbealach a ndeachaigh siad in oiriúint di.

89 Baile a thógáil

Déan ceardlann a eagrú lena a fháil amach conas bosca éan nó bosca ialtóg a thógáil.



Lá na hOidhreachtá Uisce

90 Curach a dhéanamh

An bhfuil ceardaí nó grúpa i do cheantar a dhéanann curacha a thógáil nó a chothabháil? Bíodh lá taispeántais agat ar an gcurach agus déan iniúchadh ar a stair.

91 Oidhreacht Chultúrtha Uiscebhealaí

An bhfuil oidhreacht chultúrtha a bhaineann le huiscebhealaí i do cheantar? An bhfuil dánta nó scéalta ann faoi aibhneacha nó faoi lochtanna ar féidir leat iad a iniúchadh?

92 Turas a thabhairt ar oileáin áitiúla

An bhfuil oileáin intíre nó cósta i do cheantar? Turas báid oidhreachtá uisce a dhéanamh ar na hoileáin



93 Déan iniúchadh ar pháirceanna uisce

Bailigh grúpa agus déan iniúchadh ar bhithéagsúlacht agus ar stair na n-oibreacha uisce nó na lochanna áitiúla.

94 Safari a dhéanamh ar Abhainn

Is mithid duit foghlaim faoi inveirteabraigh abhann, iasc, dobharchúnna, speicis ionracha, bithshlándáil, dragain, béaloideas agus i bhfad níos mó maidir le haibhneacha áitiúla.

95 Leabhrán nó Tionscadal Ar Líne maidir le huiscebhealach áitiúil a tháirgeadh

Ealaíontóirí agus oideoirí áitiúla, staraithe, éiceolaithe, éaneolaithe, eolaithe saoránach agus scríbhneoirí agus níos mó a thabhairt le chéile agus leabhrán nó tionscadal ar líne maidir le huiscebhealach áitiúil a tháirgeadh.



96 Féile Abhann a chruthú

Déan iarracht mhór agus cruthaigh féile abhann Tabhair cuireadh d'aoichainteoirí le haghaidh cainteanna, déan comórtas ealaíne trá nó comórtas caisleáin gainimh, tóraíocht taisce nó a thuilleadh lena chois a eagrú!

97 Turas rothar a dhéanamh

Ar iompar inbhuanaithe cois abhann agus iniúchadh a dhéanamh ar an mbithéagsúlacht áitiúil. Déan turas rothair ina mbeidh níos mó ama ann chun cuairt a dhéanamh agus tuiscint níos fearr a fháil ar an dúlra.



98 Abhainn a leanúint

An bhfuil cónaí ort in aice le habhainn ghearr a d'fhéadfá a leanúint ó fhoirse go farraige? Tóg sosanna ag suíomhanna tábhachtacha oidhreacht nádúrtha, stairiúla agus geolaíocha feadh an bhealaigh. Déan an ócáid a reáchtáil ar bhus nó ar chadhc nó ar chanú don té a dtaitníonn eachtra leis.

99 An tionscal uisce

An bhfuil muilté nó foirgnimh eile i do cheantar a d'úsáid uisce don tionscal? Déan iniúchadh ar na tionscail seo agus ar a scéalta.

100 Finscéalta agus béaloidis

Cad iad na finscéalta agus na scéalta béaloidis a bhaineann le haibhneacha agus uiscebhealaí do cheantair? Féach ar Chnuasach Bhéaloideas Éireann chun inspioráid a fháil.

Agus ar deireadh...

101 Glac inspioráid!

Faigh inspioráid don bhliain seo chugainn! Glac páirt in imeachtaí eile a bheidh ar siúl le linn na Seachtaine Oidhreachta Náisiúnta 2023.





Seachtain Náisiúnta na hOidhreachta

Clár den **Chomhairle Oidhreachta**

heritageweek.ie



An Roinn Tithíochta,
Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
Department of Housing,
Local Government and Heritage



European Heritage Days
Laethanta Oidhreachta
na hEorpa



**Fáilte
Ireland**



An Chomhairle Oidhreachta
The Heritage Council